

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR 2020

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
<http://www.tuairisc.ie>; <http://www.cnag.ie>; <http://www.gaeloideachas.ie>;
<http://www.rte.ie>; <http://www.nos.ie>;

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2020.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó Glór na nGael. Beidh seimineár ar siúl Dé hAoine seo chugainn i nGaeltacht Mhúscraí faoi thógáil leanaí le Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Déanfaidh beirt tuismitheoirí cur i láthair ag an seimineár agus tabharfaidh siad go leor straitéisí áisiúla óna dtaithí féin.

Beidh moltaí ag na cainteoirí do theaghlaigh nach mbíonn in ann feighlithe linbh le Gaeilge a fháil, beidh smaointe acu maidir le gaolta agus cairde a spreagadh chun Gaeilge a labhairt leis na leanaí agus roinnfidh siad eolas maidir le leabhair agus físeáin Ghaeilge do leanaí.

Is é Glór na nGael an cheanneagraíocht atá freagrach as cur chun cinn na Gaeilge sa teaghlach in Éirinn agus is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin eagraíocht, agus faoin seimineár, trí ríomhphost a chur chuig marcas@glornagael.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógraíonn Gnó Mhaigh Eo go bhfuil folúntas acu d'Oifigeach Forbartha. Is é an príomhdhualgas a bheidh ar an duine a cheapfar ná Gnó Mhaigh Eo a chur chun cinn sna meáin shóisialta agus ag imeachtaí ar fud Chontae Mhaigh Eo.

Beidh solúbthacht ag an duine a cheapfar maidir le suíomh oibre, ach, tá ceadúnas glan tiomána riachtanach agus fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le sárscileanna ríomhaireachta agus le scileanna idirphearsanta den scoth.

Tá tuilleadh eolais ar fáil trí ríomhphost a chur chuig niamh@gnómhaigheo.ie nó is féidir litir iarratais agus CV a sheoladh chuig: An Bainisteoir, Gnó Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo. Is é an spriodháta d'iarratais ná an dara lá de Mhí an Mheithimh agus beidh scrúdú scríofa sa Ghaeilge agus cur i láthair mar chuid den agallamh.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó Chonradh na Gaeilge. Beidh Saoire Ghaeltachta Chonradh na Gaeilge ar siúl i nGleann Cholm Cille agus Teileann, Dún na nGall ón Déardaoin, an seachtú lá is fiche de Mhí Lúnasa go dtí Dé Domhnaigh, an tríochadú lá de Mhí Lúnasa.

I measc na ngníomhaíochtaí atá beartaithe don deireadh seachtaine fada, tá seisiúin cheoil, turais bháid agus seimineáir. Beidh rannpháirtithe in ann dul ar thuras treoraithe timpeall Ghleann Cholm Cille Dé Sathairn ar a leath uair tar éis a haon.

Cosnóidh an tsaoire dhá chéad seasca euro san iomlán agus tá leaba, bricfeasta agus béilí san áireamh sa phraghas sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig colas@cnag.ie nó is féidir an tsaoire a chur in áirithe trí ghlaao a chur ar 01-47574001.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Liam: Bail ó Dhia ort, a Íde! An bhfuil tú réidh don scoilbhliain úr?
(Tomás)
- Íde: Níl i ndáiríre, a Liam. Beidh Rang a Sé agam i mbliana den chéad uair agus tá go leor ullmhúcháin le déanamh agam fós. Céard fútsa, an bhfuair tú post?
- Liam: Fuair. Fuair mé post buan ag deireadh mhí Iúil i nGaelscoil Uí Ríordáin. Beidh Rang a hAon agam.
- Íde: Comhghairdeas mór leat! Tá áthas orm go mbeidh tú ag obair i scoil Lán-Ghaeilge! Beidh ort freastal ar Thionól Forbartha *Gaeloideachas* i mbliana.
- Liam: Tionól Forbartha *Gaeloideachas*... Céard é sin?
- Íde: Is comhdháil é do mhúinteoirí ó na scoileanna Lán-Ghaeilge. Bhí mé ann anuraidh agus bhí sé ar fheabhas?
- Liam: Cá raibh sé ar siúl?
- Íde: Bhí sé ar siúl in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh i gCorcaigh. Níl a fhios agam cá mbeidh sé ar siúl i mbliana. Bhainfeá an-tairbhe as. De ghnáth, bíonn ceardlanna ag an tionól faoin ábhar is ansa leat - teicneolaíocht an eolais.
- Liam: An mbíonn? Ba bhreá liom é sin.
- Íde: Bhuel! Thug Diarmuid Ó Muirgheasa ceardlann den scoth anuraidh faoin gcódú. Déarfainn go bhfaighfeá an cur i láthair ar shuíomh idirlín *Gaeloideachas* fós.
- Liam: Beidh orm é sin a lorg ar líne.
- Íde: Má chloisim aon ní faoi thionól na bliana seo, seolfaidh mé téacs chugat.
- Liam: Bheadh sé sin go hiontach. Go raibh míle maith agat, a Íde.
- Íde: Go n-éirí leat leis an bpost nua agus beidh mé i dteagmháil leat arís go luath.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Niamh: Dia duit, a Chaoimhín. An raibh deireadh seachtaine maith agat?
(Treasa)
- Caoimhín: Dia is Muire duit, a Niamh. Bhí an deireadh seachtaine go breá, (Seosamh) ach, 'bhfuil a fhios agat, mothaím uaim Marian Finucane ar an raidió.
- Niamh: Tuigim duit. Thaitin *The Marian Finucane Show* go mór liom féin agus níl maidin Dé Sathairn ná maidin Dé Domhnaigh mar a bhí ó fuair Marian bás, suaimhneas síoraí di.
- Caoimhín: Ba chraoltóir den chéad scoth í.
- Niamh: Níl aon dabht faoi sin. Thar aon rud eile, bhí sí gairmiúil i gcónaí agus bhí intinn an-ghéar aici.
- Caoimhín: Ach b'éisteoir an-mhaith í, freisin.
- Niamh: Is fíor duit. Chaith sí le daoine le cineáltas.
- Caoimhín: Léigh mé sa nuachtán go bhfuair a hiníon, Sinéad, bás nuair nach raibh inti ach páiste ocht mbliana d'aois.
- Niamh: Tá an ceart agat. Is dócha gur thug bás a hiníne tuiscint do Marian a chabhraigh léi comhbhá a léiriú le daoine eile.
- Caoimhín: Caithfidh gur thug.
- Niamh: Chuir sé ionadh orm a chloisteáil ar Raidió na Gaeltachta gur fhreastail Marian ar scoil Lán-Ghaeilge.
- Caoimhín: 'Sea, d'fhreastail sí ar Scoil Chaitríona i mBaile Átha Cliath.
- Niamh: Nach trua é nach ndearna sí cúpla clár do TG4 thar na blianta?
- Caoimhín: Is trua é! Bhí togha na Gaeilge aici agus an-spéis sa chultúr Gaelach.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Dónal: Dia duit, a Mhoya! Tá an-bhrón orm go bhfuilim déanach.
(Muiris) Bhí orm Úna a fhágáil ag an fheighlí linbh ar mo bhealach anseo agus bhí an trácht an-trom i Leitir Ceanainn.
- Moya: Ná bí buartha. Tá tú anseo anois, sin an príomhrud. An mbeidh cupán tae agat? D'ordaigh mé cupán caife dom féin cúpla bomaite ó shin ach níor tháinig an freastalaí ar ais leis go fóill.
- Dónal: Ordóidh mé cupán tae uaiti nuair a fhilleann sí...theastaigh uait labhairt liom faoi rud éigin.
- Moya: Theastaigh. Mar is eol duit, beidh orm clárú don Cháilíocht sa Ghaeilge go luath agus theastaigh uaim do chomhairle a fháil maidir léi. Rinne tú an Cháilíocht cúpla bliain ó shin, nach ndearna?
- Dónal: Rinne mé í trí bliana ó shin.
- Moya: Agus an ndearna tú O.C.G. nó S.C.G.?
- Dónal: O.C.G.. Bhí sé doiligh, ag an tús, rogha a dhéanamh ach mhothaigh mé go raibh O.C.G. ní ba phraiticiúla.
- Moya: Ó! Bhí mé ag smaoineamh ar S.C.G. a roghnú mar ceapaim go bhfuil an ghné phraiticiúil de Pháipéar a Dó, 'Teanga agus Cultúr', an-spéisiúil.
- Dónal: Tá achan dhuine difriúil agus caithfidh tusa an rogha is feiliúnaí duit féin a dhéanamh. Níl aon amhras faoi ach go gcabhraíonn an ghné phraiticiúil sin de Pháipéar a Dó le múinteoirí gnéithe d'Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.
- Moya: Ba bhreá liom a bheith in ann é sin a dhéanamh. An bhfuil aon mholadh eile agat dom faoin Cháilíocht?
- Dónal: Mholfainn duit an Ghaeilge a chleachtadh go minic agus cabhair a fháil ó mhúinteoir maith Gaeilge. Cuirfidh mé cúpla ainm chugat trí ríomhphost níos déanaí.
- Moya: Go raibh míle maith. Is cuidiú an-mhór é sin. Anois...tchífidimid an féidir linn cupán tae a fháil sa bhialann seo!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Tá beagnach seasca míle duine ó thíortha éagsúla ar fud an domhain tar éis clárú do chúrsaí Gaeilge le ‘Fáilte ar Líne’. Bunaíodh na cúrsaí sa bhliain dhá mhíle agus a hocht déag agus is é Fiontar i Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar le hInstitiúid Náisiúnta na Foghlama Digití a chuireann na cúrsaí ar fáil.

Dúirt Mairéad Nic Giolla Mhichíl, Comhollamh sa Teicneolaíocht Faisnéise in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, go bhfuil na cúrsaí dírithe ar ghiantosaitheoirí agus ar dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil agus atá anois ag iarraidh filleadh ar an teanga. Tá na cúrsaí oiriúnach d’Éireannaigh atá ina gcónaí in Éirinn agus don diaspóra.

Faigheann “Fáilte ar Líne” maoiniú ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus tá na cúrsaí bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Mar chuid de chomóradh caoga bliain ó bhás Mháirtín Uí Chadhain, beidh an foclóir agus na frásaí a bhailigh an scríbhneoir cáiliúil á roinnt ar chuntas nua *Twitter*.

Idir na blianta naoi déag tríocha is a seacht agus naoi déag daichead agus a sé, bhíodh Máirtín Ó Cadhain ag obair faoi scéim de chuid an Ghúim ag bailiú leaganacha cainte ó chaint bheo na ndaoine i nGaeltacht na Gaillimhe. Chuir sé breis agus milliún leagan cainte chuig an nGúm sa tréimhse sin agus tá idir ghreann agus ghaois iontu.

Dúirt ionadaí ó Acadamh Ríoga na hÉireann a d’eagraigh an cuntas nua go bhfuil saibhreas iontach sna leaganacha cainte agus gur féidir an saibhreas sin a bhlaiseadh tríd an gcuntas *Twitter* nua a leanúint ag OCadhainRIA.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Tá mór léarscáil d'fhiadhúlra na hÉireann curtha ar fáil i nGaeilge ag an ealaíontóir óg, John Rooney. Is as Doire do John Rooney ó dhúchas agus tá céim aige sa Chumarsáid Físe ó Ollscoil Uladh, Béal Feirste.

Dúirt an t-ealaíontóir gur chuir sé leagan Béarla den léarscáil amach chuig scoileanna éagsúla ar dtús agus gur tháinig go leor scoileanna ar ais chuige ag iarraidh a fháil amach an raibh leagan Gaeilge den léarscáil ar fáil. Dúirt sé go ndeachaigh sé i dteagmháil ansin leis an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus go ndearna siadsan an léarscáil a aistriú go Gaeilge.

Tá an léarscáil ar díol ar líne agus tá níos mó na dhá chéad ainmhí le feiceáil uirthi idir éin, mhamaigh, fheithidí, éisc agus phéisteanna.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.